



An Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport,
Tourism and Sport

Scéim Teanga 2018 - 2021

Faoi Alt 15 d'Acht na
dTeangacha Oifigiúla
2003

Réamhrá agus Cúlra

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a d'ullmhaigh an Scéim Teanga seo faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht").

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim reachtúil ina dtabharfar mionsonraí faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht a sholáthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

Forbraíodh an scéim chun cur chuige comhaontaithe a chur ar fáil don Roinn lena cuid oibleagáidí i leith na Gaeilge a chomhlíonadh ina gnóthaí laethúla sna trí bliana atá romhainn mar chuid den tSeirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí, agus aird á tabhairt ar an méid atá indéanta le réasún fad a fhéachtar chomh maith cur leis an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn i gcur chun feidhme scéimeanna roimhe seo.

1.1 Ullmhú na Scéime

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá an Scéim bunaithe ar gach ceann de na gealltanais a tugadh in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár comhlíonadh gealltanais i scéimeanna roimhe seo go hiomlán go dtí seo, beidh plé le déanamh air sin le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tugtar suntas agus aitheantas don am a chaith gach duine leis an bpróiseas seo agus don obair a chur siad isteach ann.

1.2 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tiocfaidh sí in éifeacht ón **02 Feabhra 2018**. Beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin, nó go dtí go ndaingneoidh an tAire, de bhun Alt 15 den Acht, Scéim nua, cibé acu is déanaí.

Léargas Ginearálta ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

2.1 Misean agus Spriocanna

Mar Roinn Rialtais lárnach, a dhéanann freastal ar an Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann, is é ár misean forbairt shábháilte agus inbhuanaithe iompair, turasóireachta, agus spóirt a mhúnlú, chun tacú le fás eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta.

Tá 5 Sprioc Ardleibhéil againn ar fud réimsí éagsúla ár Ranna. Tá ár 5 Sprioc Ardleibhéil tugtha sa tábla thíos.

Réimse na Roinne	Sprioc Ardleibhéil
Iompar ar Tír	Freastal ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair trí líonraí agus seirbhísí iompair slána, inbhuanaithe agus iomaíocha
Eitlíocht	Nascacht aeriompair a uasmhéadú le hearnáil eitlíochta shábháilte, iomaíoch, éifeachtach ó thaobh costais de agus inbhuanaithe
Muirí	Iompar muirí sábháilte agus inbhuanaithe agus seachadadh seirbhísí bainistíochta éigeandála a éascú.
Turasóireacht	Tacú le tionscal na turasóireachta fás ar bhealach inbhuanaithe.
Spóirt	Cur le sochaí níos folláine agus níos gníomhaí trí rannpháirtíocht i spóirt a chur chun cinn agus trí thacú le hardfheidhmíocht agus áiseanna spóirt a sholáthar.

Tá ár seirbhísí tacaíochta corparáide tábhachtach i dtaobh ár misean agus spriocanna ardleibhéil a sheachadadh. Tá róil éagsúla i gceist, leithéid seirbhísí do chustaiméirí, maoirseacht ar chomhlíonadh agus seirbhís inmheánach a sholáthar, Acmhainní Daonna mar shampla.

2.3 Struchtúr na Roinne

Tá an Roinn leagtha amach de réir réimse beartas ina bhfuil cúig réimse beartas / bainistíochta ar leith faoi cheannas Rúnaithe Cúnta a chomhdhéanann, i dteannta leis an Ard-Rúnaí, Bord Bainistíochta na Roinne.

Tá foireann na Roinne i mBaile Átha Cliath lonnaithe i Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Tá baill foirne lonnaithe chomh maith ar an mBóthar Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí; sa tSionainn, i mBaile Locha Riach agus ag Stáisiún éagsúla de chuid an Gharda Cósta ar fud na tíre.

Is féidir eolas teagmhála maidir leis na hoifigí thuas a fháil in [Aguisín 1](#).

2.4 Réimsí Feidhme na Roinne

Tá tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí gach réimse feidhme agus aonaid de chuid na Roinne le fáil i [Scéim Foilsithe](#) um Shaoráil Faisnéise na Roinne. Tháinig an Scéim i bhfeidhm an 14 Aibreán, 2016.

Ina theannta sin, leagtar freagrachtaí ar leith maidir leis na hearnálacha iompair, turasóireachta, agus spóirt ar roinnt gníomhaireachtaí Stáit, a thuairiscíonn chuig an Roinn. Is faoi na gníomhaireachtaí sin atá sé a gcuid scéimeanna féin a chur i dtoll a chéile de réir an Achta.

2.5 Cliaint ár gCustaiméirí

Is Roinn beartas í an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go príomha. Léiríonn ár mbonn custaiméirí an raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí a thagann faoinár dtéarmaí tagartha. I measc ár gcustaiméirí áirimid go sonrach an tAire agus an tAire Stáit, baill eile an Oireachtais, baill aonair den phobal, comhlachtaí ionadaíochta atá ag gabháil leis na hearnálacha a bhfuilimid freagrach astu, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile, an tAontas Eorpach, na meáin, agus grúpaí deonacha a dtugann a leasanna agus a n-ábhar inmí iad i dteagmháil leis an Roinn.

Tá cur i bhfeidhm roinnt gnéithe de bheartais na Roinne anois faoi chúram raon comhlachtaí a bhfuil an Roinn freagrach go foriomlán astu. Bíonn déileáil go díreach ag na comhlachtaí sin leis an bpobal agus is féidir tuilleadh eolais a fháil orthu tríd an nasc seo a leanas [Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne](#).

2.6 A mhéid atá Seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair

Sonraíodh i suirbhé foirne a rinne an Roinn Iompair in 2010 leibhéal an-íseal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Thug suirbhé a rinne an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta le fios chomh maith go raibh éileamh teoranta ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Ní raibh ach 2 fhreagra as 105 freagra ar ár suirbhé custaiméara seachtrach le déanaí i nGaeilge.

Rinneadh suirbhé eile den chineál seo in 2015, agus níor thug na torthaí le fios go raibh aon gá le seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú tuilleadh.

Is tríd an tseirbhís mhótarchánach is mó a bhíonn idirphlé ag an Roinn leis an bpobal agus tá an tseirbhís sin ar fáil trí Ghaeilge.

Seirbhísí atá le Soláthar go Dátheangach a Fheabhsú

3.1 Réamhrá

Is é príomhfhócas Scéim na Roinne cur leis an raon modhanna scríofa agus leictreonacha cumarsáide atá ar fáil go dátheangach agus cumas Gaeilge na foirne a fhorbairt. Ciallaíonn sé sin, i gcleachtas, cé go mbeidh an Roinn in ann faisnéis ghinearálta faoin Roinn agus a seirbhísí foriomlána a sholáthar, ní bheidh sí in ann soláthar iomlán agus mionsonraithe i nGaeilge a dhéanamh ar fud a cuid seirbhísí ar fad.

Leagtar amach sa Chaibidil seo an seasamh maidir le Rannáin / Aonaid aonair laistigh den Roinn leanúint le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Sonraítear feabhsuithe atá beartaithe thar thréimhse na Scéime 2018-2021 freisin.

3.2 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal / Faisnéis don Phobal

Déanann an Roinn cumarsáid leis an bpobal mar seo a leanas:

- Modhanna scríofa, lena n-áirítear cumarsáid leictreonach
- Modhanna Idirphearsanta

Léiríonn an tábla seo a leanas na modhanna éagsúla scríofa cumarsáide mar aon le gealltanais a thugann an Roinn fós i dtaobh beartas seirbhísí Gaeilge a fhorbairt.

3.2.1 Seirbhísí Teileafóin agus Fáiltiú

Gealltanais Reatha

Ó dháta tosaithe na Scéime, leanfaidh an fhoireann lasc-chláir agus fáiltithe ar aghaidh le hainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla.

Leanfar le liosta cothrom le dáta de na baill foirne a bhfuil an cumas acu déileáil leis an bpobal trí Ghaeilge a chur ar fáil do na hoibreoirí Lasc-chláir agus don fhoireann Fáiltithe. Leanfar leis an liosta seo a úsáid chun daoine den phobal a chur i dteagmháil le hoifigigh atá cumasach sa Ghaeilge.

I gcás glaoch i nGaeilge nach féidir a fhreagairt láithreach i nGaeilge, leanfaimid orainn ag tairiscint glaoch ar ais laistigh de lá amháin oibre. Cuirfear socruithe cuí i bhfeidhm ionas gur féidir leo baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

Cuirfear oiliúint athnuachana maidir le fiosruithe teileafóin a fhreagairt i nGaeilge ar fáil ar bhonn deonach do na hoibritheoirí lasc-chláir agus don fhoireann fáiltithe.

Fógairtí Béil ar an Teileafón

Gealltanais Reatha

Leanfar leis an bhfógra béil ar lasc-chlár na Roinne a chur ar fáil go dátheangach.

Leanfar le teachtaireachtaí glórphoist aonair a chur ar fáil go dátheangach nuair is féidir leis an duine seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

Leanfaidh córais glórphoist na Roinne de bheith go hiomlán ábalta na teachtaireachtaí Gaeilge a láimhseáil agus leanfar le glórphoist chineálacha Gaeilge a chur ar fáil go dátheangach ar an gcóras.

3.2.2 Foilseacháin

Foilseachán Corparáideach - Gealltanais Reatha

Cinntoidh an Roinn go leanfar le foilseacháin chorparáideacha, lena n-áirítear a Tuarascáil Bhliantúil, Ráiteas Straitéise agus um Shaoráil Faisnéise - Leabhar Tagartha Alt 15 agus Alt 16, a fhoilsiú go dátheangach de réir cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Foilseacháin eile

Go ginearálta, is i mBéarla amháin a bheidh doiciméid thaighde, tuarascálacha coistí, grúpaí oibre, moltaí, doiciméid dírithe ar lucht léite lasmuigh den Stát, doiciméid de chineál teicniúil agus doiciméid eile nach bhfuil sonraithe faoi réimse Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Sa chás go bhfuil foilseacháin de chuid comhlachtaí eile ar fáil ón Roinn, beidh na foilseacháin sin sa teanga ina bhfuil siad foilsithe ag an Roinn nó ag an gcomhlacht a ghin iad.

3.2.3 Ríomhphost

Gealltanais Reatha

Leanfar le teachtaireachtaí caighdeánacha ar ríomhphost na Roinne, mar an séanadh freagrachta, a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

Leanfar le teachtaireachtaí go bhfuiltear amuigh as oifig a chur ar fáil go dátheangach nuair is féidir leis an duine atá i gceist seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

Leanfar le seoladh ríomhphoist ginearálta a bhaineann le ceisteanna Roinne (gaeilge@dtas.ie) a chur ar fáil i nGaeilge.

3.2.4 Córais Ríomhaireachta

Gealltanais Reatha

I gcás na gcóras TFC atá ann faoi láthair (i.e. córais ríomhaireachta agus teileafóin araon), sa chás gur aithníodh riachtanas Gaeilge roimhe seo agus gur déineadh soláthar ina leith, déanfar sin a chionneáil amach anseo.

Feabhsuithe Beartaithe

Tráth a mbeidh uasghrádú á dhéanamh ar an gcóras TFC / ar chlár athsholáthair nó a mbeidh feidhmchlár nua gnó á bhforbairt, déanfar an gá atá le cumas Gaeilge a mheas. Déanfar cumas Gaeilge ar chórais, cibé an crua-earraí agus / nó bogearraí atá i gceist, a chur ar fáil sa chás go bhfuil argóint gnó inmharthana ann amhlaidh a dhéanamh.

Suiteálfaidh an Roinn bogearraí seiceála litrithe i nGaeilge a oibreoidh in éineacht lena bhfeidhmchlár tionscail reatha ar bhonn cás i ndiaidh cáis de réir mar is gá.

3.2.5 Láithreáin Ghréasáin/Seirbhísí Idirghníomhacha

www.dttas.ie

Déanfar an leagan Gaeilge de phríomhláithreán gréasáin na Roinne www.dttas.ie a nuashonrú tuilleadh lena chinntiú go mbeidh sé ar chomhchéim leis an láithreán gréasáin Béarla maidir le struchtúr an láithreáin agus le heolas ginearálta faoin Roinn a bheith a fáil air.

www.motortax.ie

Leanfar ag cur eolais ar fáil ar an láithreán seo i ndáil le mótarcháin, lena n-áirítear eolas ginearálta faoi chúrsaí mótarchánach ar bhonn dátheangach.

www.motortrans.ie

Leanfar ag cur eolas ar fáil ar an láithreán gréasáin do dhéileálaithe mótaí ar bhonn dátheangach i dtaca le hathrú ar chúrsaí úinéireachta feithiclí. Feidhmeoidh sé freisin mar láithreán gréasáin idirghníomhach dátheangach do dhéileálaithe mótaí. Má bhíonn an Roinn in ann seirbhísí idirghníomhacha eile a chur ar fáil le linn shaolré na Scéime seo, tabharfar iad sin

isteach go comhuaineach sa dá theanga faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil agus ar bhonn cás gnó inmharthana.

3.2.6 Óráidí agus nó Ráitis

Déantar óráidí agus/nó ráitis, lena n-áirítear iad sin a dhéanann an tAire nó Aire Stáit i dTithe an Oireachtas, nó óráidí a thugann oifigigh shinsearacha a chur ar fáil sa teanga/sna teangacha ina dtugtar iad agus leanfar ar aghaidh leis sin.

3.2.7 Preasráitis

Feabhsú Beartaithe:

Beidh 30% de phreasráitis na Roinne ar fáil go dátheangach faoi dheireadh na scéime. Déanfar preasráitis na Roinne atá aistriú a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga.

3.2.8 Foirmeacha Iarratais

Oibreoidh an Roinn lena chinntiú go ndéanfar na foirmeacha iarratais a úsáidtear go coitianta a chur ar fáil go dátheangach. Beidh sé sin ag brath ar chineál, méid nó leagan amach na foirme iarratais áfach.

3.2.9 Bileoga Eolais

Baineann go leor de na bileoga eolais sa Roinn leis na hearnálacha Spóirt agus Turasóireachta. Foilseofar iad sin i bhformáid dhátheangach. Foilseofar bileoga a bhaineann leis an Rannán um Sheirbhísí **Ríomhaireachta do Thiománaithe agus Feithiclí**, an Rannán um Cheadúnú Oibreoirí Tráchta ar Bhóithre agus an Oifig Náisiúnta Inbhuanaithe Sláinte go dátheangach.

3.2.10 Seirbhís Duine le Duine

Le cead uathusan, leanfaidh an fhoireann a bhfuil an cumas iontu seirbhís idirphearsanta a chur ar fáil trí Ghaeilge de bheith aitheanta ar bhealach cuí ar liostaí teileafóin, ag an bhfálitiú agus ar chairt na heagraíochta, agus cuirfear a seoltaí ríomhphoist san áireamh faoi mhíreanna cuí ar an láithreán gréasáin. Lena chois sin, leanfar le foireann a chur ar fáil don deasc cabhrach atá tiomnaithe do ghlaonna Gaeilge agus leanfar le seoladh r-phoist speisialta (gaeilge@dtas.ie) chun déileáil le fiosruithe i nGaeilge a chur ar fáil.

Feabhsuithe Beartaithe

Tá an Roinn tiomanta cur leis na leibhéil reatha inniúlachta sa Ghaeilge i measc na foirne trí oiliúint, forbairt agus cur chun cinn na teanga. Leanfaimid ag déanamh athbhreithniú ar ár gcumas seirbhísí breise a sholáthar trí Ghaeilge laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

3.2.11 Plean Straitéiseach/Gnó na Roinne

Cuirfear riachtanais phobal na Gaeilge san áireamh agus Pleananna Gnó Rannóige á n-ullmhú sa Roinn. Beidh Ráiteas Straitéise na Roinne ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Feabhsú, Oiliúint agus Tacaíocht

Gealltanais Ginearálta i dtaobh Seirbhís trí Ghaeilge a fhorbairt

Tá an Roinn tiomanta do scileanna Gaeilge a fhorbairt i ngach réimse dár gcuid oibre chun an t-éileamh atá orthu a shásamh.

Is beag an cumas atá ag an Roinn, áfach, ó thaobh seirbhís Ghaeilge scríofa agus idirphearsanra a chur ar fáil.

Is fadhb ama agus airgid, den chuid is mó, atá i gceist i dtaobh cumarsáid scríofa a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé níos dúshlánaí, áfach, scileanna teanga Gaeilge a fhorbairt laistigh den Roinn d'fhonn seirbhís idirphearsanta ó lá go lá a sholáthar. Tá an Roinn in ann leibhéal áirithe seirbhísí Gaeilge idirphearsanta a sholáthar bunaithe ar na scileanna Gaeilge atá ar fáil faoi láthair. Glacfaidh sé níos mó ama, áfach, chun cumas a mhéadú chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar ar leibhéal idirphearsanta.

Ba chóir a thabhairt ar aird áfach go mbeidh a mhéid a fhéadfar seirbhísí idirphearsanta den chineál sin a fhorbairt bunaithe ar an éileamh iarbhir a bheidh ar sheirbhísí den chineál sin.

4.1 Feabhsú

Mar chuid den tSeirbhís Phoiblí tá an Roinn tiomanta ról na Gaeilge a fheabhsú agus tógáil ar na leibhéil inniúlachta teanga i measc na foirne atá ann cheana féin. Chun na críche sin leagfar béim níos mó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna na foirne mar atá leagtha amach in alt 4.3.

Lena chois sin déanfaidh an Roinn an méid seo a leanas

- Leanúint de bheith ag lorg oibrithe deonacha d'fhonn iarracht a dhéanamh cur le líon na n-oifigeach atá ar fáil chun seirbhís a sholáthar i nGaeilge
- A chinntiú go léirítear sa chairt eagraíochta na daoine sin atá toilteanach agus ábalta seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge
- Athbhrunú an Líonra Gaeilgeoirí a spreagadh mar chuid den choincheap Sosanna Tae / Ciorcail Comhrá

4.2 Poist Shainithe Ghaeilge

I bhfianaise bheartas an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge a fheabhsú, aithneoidh an Roinn, faoi dheireadh bhliain a haon den scéim, poist más ann dóibh a mbaineann riachtanais inniúlachta Gaeilge leo. Déanfar gach iarracht na ceanglais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh

na scéime seo le haird ar na beartais earcaíochta, ardú céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuirfidh sé seo ar chumas na Roinne feabhsú na seirbhísí Gaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí. Déanfar athbhreithniú air sin ar bhonn bliantúil.

4.3 Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh an tAonad Oiliúna / Aonad na Gaeilge ar aghaidh ag déanamh an mhéid seo a leanas

- Tacú le cúrsaí oiliúna Gaeilge cuí a chur ar fáil don fhoireann
- An scéim aisíoc táillí a chur chun cinn mar mheicníocht chun spreagadh a thabhairt d'oiliúint sa Ghaeilge ag brath ar na baill foirne sin a bheith ar fáil chun seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil
- Comhairle a chur ar fáil don fhoireann maidir le raon na ranganna Gaeilge ar ardchaighdeán atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige (m.sh. dioplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge, Gael Chultúr, Gael-Linn, srl.)
- Faisnéis agus comhairle maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur ar fáil ar Láithreán Inlín Foirne na Roinne
- Feasacht teanga a chur ar fáil trí chúrsaí oiliúna ionduchtúcháin agus seirbhís do chustaiméirí lena chinntiú
 - go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann ar an gcúis go bhfuil beartas seirbhísí Gaeilge á forbairt ag an Roinn
 - go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann ar chomhthéacs agus ar chúlra an bheartais
 - go mbeidh an fhoireann ar an eolas faoin tionchar a bheidh ag an mbeartas ar a gcuid oibre
- Measúnú a dhéanamh ar gach cúrsa, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge, ar bhonn rialta lena mheas cé chomh héifeachtach is atá siad ó thaobh spriocanna na Roinne a bhaint amach
- Socruithe a chur i bhfeidhm maidir le hócáid bhliantúil Sheachtain na Gaeilge laistigh den Roinn a cheiliúradh ar bhealach cuí
- Deiseanna a iniúchadh chun an méid seo a leanas a spreagadh
 - seirbhísí breise trí Ghaeilge a sholáthar don Roinn
 - forbairt scileanna Gaeilge i measc na foirne trí ghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla (m.sh. Ciorcail chomhrá)

4.4 Ról Aonad na Gaeilge

Cinntoidh an Roinn go mbeidh ról faoi leith ag Aonad na Gaeilge i dtaca leis an méid seo a leanas;

- Cabhrú le beartas Gaeilge sa Roinn a fhorbairt
- Imeachtaí Gaeilge a eagrú de réir mar is gá d'fhoireann na Roinne
- Clár sóisialta agus áineasa a eagrú a chuireann le húsáid na Gaeilge i bhfoirgneamh na Roinne
- Infheictheacht na Gaeilge a fheabhsú agus deiseanna a sholáthar do bhaill foirne a dteastaíonn uathu Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt
- Monatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú chuig an mBord Bainistíochta maidir le comhlíonadh ghealltanais na scéime agus forálacha eile an Achta Teanga

4.5 Seirbhísí Aistriúcháin

Cuirfidh an Roinn liosta de na cuideachtaí agus na daoine aonair ar bronnadh teastas creidiúnaithe ó Fhoras na Gaeilge orthu ar fáil do gach ball foirne maidir le soláthar seirbhísí aistriúcháin ag ardleibhéal.

4.6 Acmhainní Teanga

Beidh rochtain ag an bhfoireann ar fad ar Sheiceálaí Litrithe Gaeilge a chuideoidh leo ina gcuid oibre. Lena chois sin beidh ábhar treorach ar fáil go leictreonach don fhoireann ar fad.

4.7 Logainmneacha Gaeltachta

Bainfidh an Roinn úsáid as Logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta mar atá sonraithe san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004, chun críocha oifigiúla.

Monatóireacht agus Athbhreithniú

Leanfaidh an tOifigeach Gaeilge ag tabhairt tacaíocht agus cúnamh do gach réimse den Roinn maidir leis na gealltanais atá sa Scéim seo agus is air a thitfidh sé monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime. Is iad Cinn na nAonad a dhéanfaidh monatóireacht agus cur i bhfeidhm ó lá go lá maidir leis na Rannáin a bhfuil siad freagrach astu. Leanfaidh Aonad na Gaeilge chomh maith ag déanamh monatóireacht ar sholáthar agus éileamh seirbhísí trí Ghaeilge ar fud gach réimse den Roinn ar bhonn tréimhsiúil.

Leanfaidh an tAonad ag tuairisciú ar dhul chun cinn chuig an mBord Bainistíochta gach 6 mhí i ndáil le gealltanais na Scéime a bheith á gcomhlíonadh ag Rannáin agus le héileamh ar sheirbhísí Gaeilge araon. Beidh dul chun cinn Scéim na Roinne san áireamh i dTuarascálacha Bliantúla na Roinne.

An Scéim Chomhaontuithe a Phoibliú

Déanfar ábhar na scéime seo a phoibliú mar seo a leanas:

- Í a leithdháileadh ar gach ball foirne sa Roinn
- Preasráiteas
- Fógraíocht go bhfuil an scéim ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne agus nasc buan chuig an Scéim ar leathanach baile láithreán gréasáin na Roinne
- Fógra chuig na comhlachtaí cuí

Is féidir bealaí eile chun an scéim a phoibliú a úsáid chomh maith.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraímid trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, trí:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha atá acu plé a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint ag an bhfáiltiú a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil
- Na seirbhísí sin a liostáil ar bhealach feiceálach ar ár láithreán gréasáin
- A chur in iúl ar threoirínite, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge chomh maith, mura bhfuil siad curtha i láthair go dátheangach
- Suntasacht chomhionann a thabhairt d'ábhar Gaeilge agus Béarla

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Aguisín – Suíomhanna agus Sonraí Teagmhála na Ranna

Ceannoifig

Seoladh Poist An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Lána Líosain
Baile Átha Cliath 2
D02TR60

Láithreán Gréasáin: www.dttas.ie

Ríomhphost: info@dtas.ie

Fón 01-670 7444 nó ÍosGhlao 0761 001601

Tabhair ar aird go bhféadfadh athrú a bheith na rátaí a ghearrfar as glaoch ar an uimhir 0761 athrú ag brath ar na soláthraithe seirbhíse teileafóin éagsúla agus beidh siad i bhfad níos airde má úsáideann tú fón póca.

Uaireanta Oscailte:	Luan go Déardaoin	9.15am go 5.30pm
	Dé hAoine	9.15am go 5.30pm

Mótarcháin, Deimhnithe Cláraithe Feithicle agus Athrú ar Úinéireacht Feithicle

Seoladh Poist: An Rannán um Sheirbhísí Ríomhaireachta do Thiománaithe agus Feithiclí
Lár Bhaile Shionainne
Sionainn
Co. an Chláir
V14P298

Láithreán www.motortax.ie

Gréasáin:

Ríomhphost: Motortax@dtas.ie

Facs: 061-365 053

Fón: 0818-411 412 nó +353 818-411412 (lasmuigh d'Éirinn)

Tabhair ar aird go bhféadfadh na rátaí a ghearrfar as glooch ar an uimhir 0818 athrú ag brath ar na soláthraithe seirbhíse teileafóin éagsúla agus beidh siad i bhfad níos airde má úsáideann tú fón póca.

Uaireanta Oscailte: Luan go Déardaoin 9.15am go 12.30pm, 2.15pm go 4.00pm

Dé hAoine 9.15am go 12.30pm, 2.15pm go 4.00pm

Mótarcháin, Deimhnithe Cláraithe Feithicle agus Athrú ar Úinéireacht Feithicle

Seoladh Poist: An Rannán um Sheirbhísí Ríomhaireachta do Thiománaithe agus Feithiclí
Lár Bhaile Shionainne
Sionainn
Co. an Chláir
V14P298

Láithreán www.motortax.ie

Gréasáin:

Ríomhphost: Motortax@dtas.ie

Facs: 061-365 053

Fón: 0818-411 412 nó +353 818-411412 (lasmuigh d'Éirinn)

Tabhair ar aird go bhféadfadh na rátaí a ghearrfar as glaoch ar an uimhir 0818 athrú ag brath ar na soláthraithe seirbhíse teileafóin éagsúla agus beidh siad i bhfad níos airde má úsáideann tú fón póca.

Uaireanta Oscailte: Luan go Déardaoin 9.15am go 12.30pm, 2.15pm go 4.00pm

Dé hAoine 9.15am go 12.30pm, 2.15pm go 4.00pm

An tAonad Ceadúnú Oibreora um Iompar Bóthair

Seoladh Poist: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Teach Chluain Fearta
Sráid Bhríde
Baile Locha Riach
Co. na Gaillimhe
H62ET93

Láithreán www.rtol.ie

Gréasáin:

Ríomhphost: rtol@dtas.ie

Fón: nó Íosghlao 0761 nó +353 16707444 (Iasmuigh d'Éirinn)
001601

Tabhair ar aird go bhféadfadh na rátaí a ghearrfar as glaoch ar an uimhir 0761 athrú ag brath ar na soláthraithe seirbhíse teileafóin éagsúla agus beidh siad i bhfad níos airde má úsáideann tú fón póca.

Uaireanta	Luan go Déardaoin	9.15am go 5.30pm
Oscailte:	Dé hAoine	9.15am go 5.30pm

Rannáin Turasóireachta agus Spóirt

Seoladh Poist: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Bóthar Nua
Cill Airne
Co. Chiarraí
V93 A49X

Láithreán www.dttas.ie

Gréasáin:

Fón: Íosghlao 1890 273000 nó +353 64 6627300 (Iasmuigh d'Éirinn)

Tabhair ar aird go bhféadfadh na rátaí a ghearrfar as glaoch ar an uimhir 1890 athrú ag brath ar na soláthraithe seirbhíse éagsúla agus beidh siad i bhfad níos airde má úsáideann tú fón póca.)



An Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport,
Tourism and Sport